



Coimisiún
na Meán

Cód Seirbhíse Meán agus Rialacha Seirbhíse Meán:
Craoltóirí Raidió agus Teilifíse

Cumarsáid Tráchtála:

Fógraíocht, Urraíocht,
Teilishiopadóireacht, Suíomh Táirgí agus
Cineálacha Eile Cumarsáide Tráchtála



Clár Ábhar

1. An Réamhchéim agus Léiriú	3
2. Sainmhínithe	7
3. Eisiaimh	12
Forálacha an Chóid maidir le Seirbhísí Meán	13
Cuid 4: Cumarsáid Tráchtála Thoirmiscthe	13
Cuid 5: Riachtanais Ghinearálta	15
Cuid 6: Urraíocht	17
Cuid 7: Suíomh Táirgí (Teilifís Amháin)	19
Cuid 8: Cumarsáid Tráchtála do Leanaí	21
Ailt 9 – 17: Rialacha Earnáilshonracha	25
Alt 18: Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht: Socrú agus Cur Isteach	32
Alt 19: Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht: Teorainneacha Ama	33
Aguisín a hAon: Samhail Próifilithe Cothaitheach	35



1. An Réamhchéim agus Léiriú

1.1 Réamhrá

- 1.1.1 De bhun Alt 46N(1) den Acht Craolacháin 2009 (**“an tAcht”**), féadfaidh Coimisiún na Meán (**“an Coimisiún”**) cóid (**“cóid maidir le seirbhísí meán”**) a dhéanamh lena rialófar caighdeáin agus cleachtais craoltóirí.
- 1.1.2 De bhun Ailt 46N(2) agus 46N(7) den Acht, féadfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhísí meán a dhéanamh lena bhforálfar do chaighdeáin agus cleachtais chun a áirithiú, i measc nithe eile, go gcosnófar le cumarsáid tráchtála leasanna an lucht féachana agus éisteachta, lena n-áirítear leanaí.
- 1.1.3 De bhun Alt 46N(5) den Acht, déanfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhísí meán lena bhforáiltear do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7b, 8, 9, 10, 11, 15, Caibidil VI, agus Caibidil VII (seachas Airteagal 26) de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (**“an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc”**) (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le rialacha maidir le seirbhísí meán).
- 1.1.4 De bhun Ailt 46O(1), (2), (3), (4) agus (9) den Acht, féadfaidh an Coimisiún rialacha a dhéanamh (**“rialacha maidir le seirbhísí meán”**) i ndáil, i measc nithe eile, leis na tráthanna uile in aghaidh an lae a cheadófar chun cumarsáid tráchtála a chraoladh. De bhun Alt 46O(9), forálfar le rialacha maidir le seirbhísí meán do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 6(1), 6a(1), 7, 7b, 8, 9, 10, 11, Caibidil VI agus Airteagail 23(2), 24 agus 25 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le cóid maidir le seirbhísí meán).
- 1.1.5 I gcomhréir lena dhualgais agus lena oibleagáidí reachtúla mar a leagtar amach thuas, d’ullmhaigh an Coimisiún an cód seo maidir le seirbhísí meán agus na rialacha seo maidir le seirbhísí meán (dá ngairtear le chéile **“an Cód agus na Rialacha”**). Comhdhlúthaítear leis an gCód agus na Rialacha na hionstraimí seo a leanas agus cuirtear ina n-ionad iad; ionstraimí a chúlghairtear ón **[CUIR ISTEACH AN DÁTA]**, is é sin an dáta a thiocfaidh an Cód agus na Rialacha i bhfeidhm:
- (a) an Cód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála (Craoltóirí Raidió agus Teilifíse), dar dáta Samhain 2024;
 - (b) an Cód maidir le Cumarsáid Tráchtála do Leanaí (Craoltóirí Raidió agus Teilifíse), dar dáta Nollaig 2024;
 - (c) an Cód maidir le Seirbhísí Meán agus na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán (Fógraíocht, Teilishiopadóireacht, Sláine Comhartha agus Faisnéis), dar dáta Samhain 2024, a mhéid a bhaineann siad le cumarsáid tráchtála;¹ agus
 - (d) an Cód maidir le Seirbhísí Meán agus na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán (Fógraíocht - Craoltóirí Raidió), dar dáta Nollaig 2024.

¹ Cé is moite d’fhorálacha an Chóid agus na Rialacha seo faoi na ceannteidil seo a leanas: ‘Sláine Comhartha’, ‘Faisnéis’ agus ‘Saothair Chineamatagrafacha’, a dtugtar aghaidh ar gach ceann acu anois i gcód comhdhlúite clár Choimisiún na Meán.



1.2 Raon agus Dlínse

- 1.2.1 Leis an gCód agus na Rialacha tugtar éifeacht in Éirinn d'Airteagail 6(1), 6a(1) go (3), 9, 10, 11, 19, 20, 21, 22, 23, 24 agus 25 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, sa mhéid a bhaineann siad le seirbhísí craolacháin.
- 1.2.2 Níl feidhm ag an gCód agus na Rialacha ach amháin maidir le craoltóirí faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí alt 2A den Acht.
- 1.2.3 I gcás ina luaitear go sainráite nach bhfuil feidhm ag foráil den Chód agus de na Rialacha ach amháin maidir le craoltóirí fuaimne nó maidir le craoltóirí teilifíse, beidh feidhm ag an teorannú sin.
- 1.2.4 Déantar an Cód agus na Rialacha gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt faoi Alt 106 den Acht chun teorainneacha ama áirithe a cheadú i leith fógraí i seirbhísí craolacháin fuaimne arna soláthar ag RTÉ agus teorainneacha ama áirithe i leith fógraí i seirbhísí craolacháin teilifíse arna soláthar ag RTÉ agus TG4, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Alt 19 den Chód agus de na Rialacha.

1.3 Cuspóir agus Ullmhú an Chóid agus na Rialacha

- 1.3.1 Is é is cuspóir don Chód agus do na Rialacha a áirithiú go gcomhlíonfaidh craoltóirí atá faoi dhlínse an Stáit ceanglais na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus na dualgais a leagtar síos faoin Acht (lena n-áirítear iad sin faoi Ailt 46J, 46M agus 46N) a bhaineann le craoladh cumarsáide tráchtála ar a seirbhísí.
- 1.3.2 De bhun Alt 46N(6) den Acht, thug an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas agus na forálacha a leagtar amach sa Chód agus sna Rialacha á n-ullmhú aige: -
 - (a) an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gclár.
 - (b) méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár.
 - (c) ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár.
 - (d) an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin.
 - (e) a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh craoltóirí an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú lena ndéantar difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm cód maidir le seirbhísí meán.
 - (f) a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.
- 1.3.3 Ullmhaíodh an Cód agus na Rialacha de réir na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Alt 46Q den Acht.



1.4 Prionsabail Rialála atá Ábhartha don Chód agus do na Rialacha

- 1.4.1 Ina léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú den Chód agus de na Rialacha, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.
- 1.4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
- (a) a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.
 - (b) na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.
- 1.4.3 Déantar foráil in alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena chinntiú go gcloítear leis na luachanna daonlathacha a dhaingnítear sa Bhunreacht, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse dhlísteanach na tuairimíochta, agus go dtugtar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith craoltóirí, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann.
- 1.4.4 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún féachaint leis an méid seo a áirithiú dá shocruithe rialála:
- (a) go dtabharfar aghaidh leo ar bhunábhar clár agus ar ábhar eile atá díobhálach nó mídhleathach;
 - (b) go gcuirfear san áireamh leo athruithe ar an teicneolaíocht nó athruithe ar an tsochaí; agus
 - (c) go n-oibreoidh siad go cuí, go comhsheasmhach agus go cothrom.
- 1.4.5 Le halt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas *inter alia*:
- (a) inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn agus a spreagadh i mbeartais agus cleachtais craoltóirí.
 - (b) soláthraithe seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a spreagadh chun cláir ardchaighdeáin, éagsúla agus nuálacha a sholáthar.
 - (c) cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.
 - (d) spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún



a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

- 1.4.6 De bhun alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, féachfaidh an Coimisiún do na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

1.5 Inskoiteacht

- 1.5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód agus de na Rialacha neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmisce, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le craoltóir ar leith) ar bhealach ar bith, ar bhonn aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus dlí an Aontais Eorpaigh), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód agus de na Rialacha ná cuid de nó díobh, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó is amhlaidh atá an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.
- 1.5.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, beidh gach foráil eile agus/nó cuid eile den Chód agus de na Rialacha fós lánéifeachtach, infheidhmithe, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfear den Chód agus de na Rialacha aon fhoráil nó cuid dó nó díobh, a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmisce, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme.

1.6 Tarscaoileadh

- 1.6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann craoltóir faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh d'inneachar aon chuid den mhéid céanna, agus ní thuigfear uaidh sin gur chomhlíon an craoltóir a oibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód agus faoi na Rialacha.
- 1.6.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht orthu; ní cheapfar urbhac leis, ná ní bheidh sé ina tharscaoileadh, ag an gCoimisiún in aghaidh a chumhachtaí ná a cheart de bhun an Achta agus/nó an Chóid agus na Rialacha.

1.7 Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

- 1.7.1 De bhun Ailt 46N(10) agus 46O(11) den Acht, beidh mainneachtain craoltóra an Cód agus na Rialacha a chomhlíonadh ina sárú chun críocha Chuid 8B den Acht.



- 1.7.2 Áiritheoidh craoltóir go mbeidh struchtúir, córais, beartais, nósanna imeachta agus pearsanra i bhfeidhm aige chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód agus sna Rialacha a áirithiú.
- 1.7.3 De bhun alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar chraoltóir cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le mainneachtain an chraoltóra cloí le cód maidir le seirbhísí meán nó riail maidir le seirbhísí meán.

1.8 Gearáin

- 1.8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon craoltóir an Cód agus na Rialacha. Molann an Coimisiún do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh leis an gcraoltóir ar an gcéad ásc mar gurb é sin an bealach is tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.
- 1.8.2 Tá faisnéis faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas an Choimisiúin, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (www.cnam.ie). Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún freisin ar +353 1 963 7755 nó ag usersupport@cnam.ie.
- 1.8.3 I gcás aicmí áirithe cumarsáide tráchtála, feidhmíonn Údarás na gCaighdeán Fógraíochta próiseas neamhrechtúil gearán, trína ndéanann sé gearáin a mheasúnú de réir a Chóid Caighdeán le haghaidh Cumarsáid Fógraíochta agus Margaíochta in Éirinn (féach <https://adstandards.ie>).

1.9 Comhairle

- 1.9.1 Féadfaidh an Coimisiún comhairle ghinearálta neamhcheangailteach a chur ar fáil maidir le forálacha an Chóid agus na Rialacha arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá sin agus nuair a mheastar gur gá sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart comhairle a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis.
- 1.9.2 Féadfaidh craoltóirí comhairle maidir leis an gCód agus na Rialacha a iarraidh trí theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ag codes@cnam.ie. Ní mór an t-ábhar ábhartha a bhaineann leis an iarraidh a bheith san áireamh in iarraidh ar chomhairle, ní mór an t-alt nó na hailt den Chód agus de na Rialacha a mheasann an t-iarratasóir a bheith ábhartha a lua go soiléir inti agus ní mór an cheist shonrach ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith a leagan amach inti.
- 1.9.3 Ní ghlacann an Coimisiún aon dlíteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as aon chinneadh) a ghlactar tar éis comhairle ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

2. Sainmhínithe

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha seo, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht.

ciallaíonn **“fógraíocht”** aon chineál craolta fógra cibé acu mar mhalairt ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil nó chun críoch féinbholscaireachta arna dhéanamh ag gnóthas poiblí nó príobháideach nó



duine nádúrtha i dtaca le trádáil, gnó, ceird nó gairm, chun soláthar earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, lena n-áirítear maoin dhochorraithe, cearta agus oibleagáidí, mar mhalairt ar íocaíocht.

Ciallaíonn **“táirge saor ó alcól”** táirge neamh-mheisciúil ina bhfuil 0.5% alcóil de réir toirte nó níos lú, agus áirítear leis leaganacha neamh-mheisciúla de bhrandaí alcóil.

Ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála chlosamhairc”** cumarsáid tráchtála lena gcuimsítear íomhánna agus fuaim, nó íomhánna gan fuaim, a dheantar leis na hearraí, seirbhísí nó íomhá de dhuine nádúrtha nó dlítheanach a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach, atá ag dul do ghníomhaíocht eacnamaíoch; cuirtear íomhánna den sórt sin i dteannta cláir nó físeán arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó áirítear iontu iad, ar íocaíocht a fháil nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil nó chun cuspóirí féinbholscaireachta. Áirítear leis na cineálacha cumarsáide tráchtála closamhairc, inter alia, fógraíocht teilifíse, urraíocht, teilishiopadóireacht agus suíomh táirgí.

ciallaíonn **“craoltóir”** soláthraí craoltaí fuaim nó craoltaí teilifíse.

ciallaíonn **“seirbhís craolacháin”** seirbhís a chuimsíonn tiomsú de bhunábhar clár d’aon chineál, rud a dhéantar a tharchur, a athsheachadadh nó a dháileadh trí líonra cumarsáide leictreonaí, go díreach nó go hindíreach chun go bhfaighidh an pobal i gcoitinne é ar bhealach atá comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach, cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear an t-ábhar sin iarbhrí, agus i gcás ina soláthraítear na cláir in ord réamhsceidealaithe agus líneach, ach ní áirítear leis sin: (a) seirbhís a sholáthraítear ar bhealach neamhlíneach ina roghnaíonn gach úsáideoir den tseirbhís clár ó chatalóg de chláir, nó (b) aon seirbhís eile a sholáthraítear tríd an idirlíon, mura soláthraíonn an tseirbhís cláir chlosamhairc.

ciallaíonn **“glao ar cheannach”** ordú nó treoir don lucht féachana nó éisteachta chun idirbheart a dhéanamh i ndáil le táirge nó seirbhís. Is é a bheith i gceist leis sin go minic ordú a úsáid amhail ceannaigh, déan ceannach, léasaigh, faigh, sínigh isteach, nó cuir in áirithe, nó briathra eile lena ndéantar cur síos ar earraí nó seirbhísí a fháil nó a cheannach.

ciallaíonn **“daoine cáiliúla”** daoine mór le rá, nó ar a bhfuil ardmheas agus / nó a bhfuil aithne ag leanaí orthu. Ní áirítear leis sin na daoine nó na carachtair ar a gcuireann leanaí aithne dhíreach mar gheall ar a rannpháirtíocht i gcumarsáid tráchtála.

ciallaíonn **“leanbh nó leanaí”** duine nó daoine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois.

ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála leanaí”** cumarsáid tráchtála lena gcuirtear chun cinn táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí a mheastar a bheith chun leas leanaí agus/nó a chraoltar i gcláir do leanaí nó thart orthu (cibé acu a mheastar nó nach meastar go bhfuil na táirgí, na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí chun leas leanaí).

Ciallaíonn **“cláir do leanaí”** cláir dá ngairtear cláir do leanaí de ghnáth agus/nó, i gcás na teilifíse, cláir a bhfuil 50% de phróifíl a lucht féachana nó lucht éisteachta faoi bhun 18 mbliana d’aois. I gcás nach bhfuil sonraí i dtaca le comhdhéanamh an lucht féachana nó an lucht éisteachta ar fáil, maidir le hainm, ábhar, saintréithe, sprioclucht féachana agus éisteachta, agus sceidealú an chláir agus aon chur chun cinn a dhéantar ar an gclár (lena n-áirítear aon ardán a úsáidtear do chur chun cinn), bainfear úsáid as nó astu chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na cláir beartaithe do leanaí.

Ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála”** cumarsáidí tráchtála arb é atá iontu íomhánna (le fuaim nó gan fuaim) nó fuaim amháin: (a) atá deartha chun earraí, seirbhísí nó íomhá de dhuine atá i mbun gníomhaíocht



eacnamaíoch a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach, agus (b) a áirítear i gclár nó in ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó atá ag gabháil leis sin, mar mhalairt ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil nó chun críoch féinbholscaireachta. Áirítear ar na cineálacha cumarsáide tráchtála, inter alia, fógraíocht, urraíocht, teilishiopadóireacht, agus suíomh táirgí.

ciallaíonn **“craoltóir pobail”** duine ag a bhfuil conradh craoltóireachta fuaime faoi Ailt 64, 68(1)(b) nó 72 den Acht.

ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála chomparáideach”** cumarsáid tráchtála ina bhfuil sainathint fhollasach nó intuigthe ar iomaitheoir nó táirgí nó seirbhísí a thairgeann iomaitheoir.

ciallaíonn **“milseogra”** milseáin, seacláidí, táirgí siúcra-bhunaithe, subha, barraí atá clúdaithe le seacláid (seachas briosaí), milseogra nach seacláid (m.sh. barraí gránaigh), agus milseoirí saorga. Tá deochanna carbónáitithe freisin, seachas uisce carbónáitithe neamhbhlaistithe, san áireamh freisin.

Ciallaíonn **“táirge cosmaideach”** aon substaint nó meascán atá beartaithe lena cur nó lena chur i dteagmháil le baill sheachtracha chorp an duine (eipideirm, córas na gruaige, na hingne, na liopaí, agus na baill ghiniúna sheachtracha) nó leis na fiacla agus seicíní mucasacha chuas an bhéil, d’fhonn, go heisiach nó go príomha, iad a ghlanadh, iad a chumhrú, a ndreach a athrú, iad a chosaint, dea-bhail a choimeád orthu nó bolaithe coirp a cheartú.

Ciallaíonn **“cóireálacha agus seirbhísí cosmaide”** gnáthaimh mháinliachta agus neamh-mháinliachta inarb é an phríomhaidhm atá acu dreach, feidhm nó folláine duine aonair a athrú, a athneartú, a normalú nó a fheabhsú, arna iarraidh sin don duine aonair. Is ann do na cóireálacha sin ar chúiseanna aeistéitiúla seachas leighis.

Ciallaíonn **“trasphromóisin”** fógraí a dhéantar i dtaca le cláir agus táirgí coimhdeacha a dhíorthaíonn go díreach ó na cláir sin, a chraoltar gan íocaíocht nó comaoin chomhchosúil ar sheirbhís craolacháin seachas an ceann a chraolann na cláir, agus i gcás ina bhfuil na seirbhísí craolacháin faoi úinéireacht agus faoi smacht an chraoltóra chéanna. Tagraíonn an téarma “coimhdeach” do tháirgí atá beartaithe go sonrach chun go bhféadfaidh an lucht féachana agus éisteachta tairbhiú de na cláir sin, nó idirghníomhú leo, agus ní áirítear leis gníomhaíochtaí tráchtála an chraoltóra nach mbaineann le cláir nó táirgí coimhdeacha.

Ciallaíonn **“toitín leictreonach”** táirge is féidir a úsáid chun gal ina bhfuil nicitín a chaitheamh trí bhéalóg, nó aon chomhpháirt den táirge sin, lena n-áirítear cartús, umar agus an fheiste gan an cartús nó an t-umar. Is féidir le toitíní leictreonacha a bheith indiúscartha nó in-athlionsa trí choimeádán athlionsa agus umar, nó a bheith athlionsa le cartúis aonúsáide.

Ciallaíonn **“choimeádán athlionsa”** gabhdán ina bhfuil leacht ina bhfuil nicitín, rud is féidir a úsáid chun toitín leictreonach a athlionsadh.

Ciallaíonn **“mearbhia”** bia a thagann faoi chineál aitheanta an mhearbhia agus/nó bia cócaráilte saor a ullmhaítear agus a riartar go tapa agus ar féidir le leanaí teacht air go héasca lena cheannach. Le “mearbhia” sa chás sin, ní thagraítear don mhéid iarbhir ama is gá chun an bia a chócaráil ach do cé chomh tapa agus chomh héasca is féidir an bia a fháil agus a ithe. Ní áirítear leis bianna ullmhaithe nó saoráideacha ná bia a cheannaítear lena ullmhú agus lena chócaráil sa bhaile.



Ciallaíonn **“foirmle leantach”** bia atá beartaithe lena n-úsáid go háirithe ag naíonáin nuair a thugtar isteach beathú comhlántach iomchuí agus arb é atá ann an phríomhdhúil leachta in aiste bhia atá á héagsúlú de réir a chéile do na naíonáin sin.

Ciallaíonn **“bia”** aon substaint nó táirge, cibé acu atá sé próiseáilte, próiseáilte go páirteach nó neamhphróiseáilte, atá sé beartaithe lena hionghabháil nó lena ionghabháil ag daoine, nó ar féidir a bheith ag súil le réasún leis go mbeidh. Le “bia”, áirítear deoch, guma coganta agus aon substaint, lena n-áirítear uisce, atá corpraithe d’aon ghnó sa bhia agus é á mhonarú, á ullmhú nó a chóireáil. Áirítear uisce léi tar éis an phointe comhlíontachta mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2020/2184. Ní áirítear le “bia” beatha; ainmhithe beo (mura n-ullmhaítear iad lena gcur ar an margadh lena gcaitheamh ag daoine); plandaí sula mbaintear iad; táirgí íocshláinte de réir bhrí Threoir 2001/83/CE; táirgí cosmaide de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009; tobac agus táirgí tobac de réir bhrí Threoir 2014/40/AE; substaintí támhshuanacha nó síceatrópacha de réir bhrí Choinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, nó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971; iarmhair agus éilleáin; ná feistí leighis de réir bhrí Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Ciallaíonn **“cearrbhachas”** cibé acu i bpearsa nó trí mhodhanna cianda, gealltóireacht, cluichíocht nó rannpháirteachas i gcrannchur.

Ciallaíonn **“maíomh sláinte”** aon mhaíomh lena luaitear, lena dtugtar le fios nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil nasc idir catagóir bia, bia nó ceann dá chomhábhair agus an tsláinte. Áirítear leis an téarma freisin maíomh maidir le riosca galair a laghdú, is é sin aon mhaíomh sláinte a luann, lena dtugtar le fios nó lena dtugtar le tuiscint go laghdaítear le tomhailt catagóire bia, bia nó ceann dá chomhábhair fachtóir riosca i bhforbairt galair dhaonna.

Ciallaíonn **“táirge a bhaineann leis an tsláinte”** táirge a chuirtear i láthair nó a fhógraítear mar tháirge a théann chun tairbhe do shláinte an duine, seachas táirge íocshláinte, feiste leighis, bia nó táirge cosmaide.

Ciallaíonn **“táirgí bia HFSS”** táirgí bia a mheastar go bhfuil ardchion saille, salainn nó siúcra iontu i gcomhréir leis an tSamhail Próifílithe Cothaitheach arna forbairt ag Gníomhaireacht Caighdeán Bia na Ríochta Aontaithe [arna glacadh ag an gCoimisiún agus] a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an gCód agus na Rialacha.

Ciallaíonn **“bainne foirmle do naíonáin”** bia atá beartaithe lena n-úsáid go háirithe ag naíonáin le linn na chéad mhíonna dá saol agus a chomhlíonann ann féin ceanglais chothaitheacha na naíonán sin go dtí go dtabharfar isteach beathú comhlántach iomchuí.

Ciallaíonn **“teicníc idirghníomhach”** teicníc fógraíochta lena gceadaítear don bhreathnóir/don éisteoir idirghníomhú leis an gcaoladh teilifíse nó raidió ach an t-ábhar fógraíochta ar mhaith leis nó léi a bheith nochta dó a roghnú go gníomhach fad is mian leo. Le fógraíocht idirghníomhach, is féidir leis an mbreathnóir/leis an éisteoir eolas a sholáthar go díreach don chraoltóir nó don fhógróir trí chonair fillte agus/nó a bheith páirteach i dtimpeallacht idirghníomhach atá ar leithligh ó ábhar an chraoltóra.

Ciallaíonn **“carachtair cheadúnaithe”** carachtair agus pearsantachtaí atá ceadúnaithe chun bheith i gcumarsáid tráchtála ach nach bhfuil aon ghaol díreach acu leis an táirge ná leis an tseirbhís atá á chur nó á cur chun cinn acu, agus áirítear iontu carachtair agus pearsantachtaí a thagann, mar shampla, ó eisiúint scannán nó físchluiche.



Ciallaíonn **“cóireáil leighis”** cóireáil nó seirbhís a bheartaítear chun gearán, fadhb, siomptóm nó galar leighis a chosc, a leigheas nó a mhaolú. Áirítear leis sin síciatracht, sícitéiripe agus comhairleoireacht.

Ciallaíonn **“táirge íocshláinte”** aon substaint nó teaghlaim de shubstaintí a chuirtear i láthair mar ní ag a bhfuil airíonna chun galar i ndaoine a chóireáil nó a chosc nó aon substaint nó teaghlaim de shubstaintí a fhéadfar a úsáid nó a thabhairt do dhaoine d’fhonn feidhmeanna fiseolaíocha a athchóiriú, a cheartú nó a mhodhnú trí ghníomhaíocht chógaseolaíochta, imdhíoneolaíochta nó meitibileacha a chur i bhfeidhm, nó diagnóis leighis a dhéanamh.

Ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála mhithreorach”** aon chumarsáid tráchtála a mheabhlaíonn ar bhealach ar bith, lena n-áirítear a cur i láthair, na daoine ar a bhfuil sí dírithe nó chuig a sroicheann sí nó ar dóigh di meabhlú a dhéanamh orthu agus ar dócha, mar gheall ar a cineál meabhlach, go ndéanfaid sí difear dá n-iompar eacnamaíoch nó, ar na cúiseanna sin, go ndéanfaidh sí díobháil d’iomaitheoir nó gur dócha go ndéanfaidh sí amhlaidh;

Ciallaíonn **“maíomh cothaithe”** aon mhaíomh lena luaitear, lena dtugtar le fios nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil airíonna cothaitheacha tairbhiúla ar leith ag bia mar gheall ar: (a) an fuinneamh (an luach calrach) a sholáthraíonn sé, a sholáthraíonn sé ar ráta laghdaithe nó méadaithe, nó nach soláthraíonn sé; agus/nó (b) na cothaitheigh nó na substaintí eile atá ann, atá ann i gcionta laghdaithe nó méadaithe, nó nach bhfuil ann.

Ciallaíonn **“suíomh táirgí”** aon chineál cumarsáide tráchtála closamhairc arb é atá i gceist táirge, seirbhís nó trádmharc de a áireamh, nó tagairt a dhéanamh dó, ionas gur gné de chlár, ar fócaíocht nó le haghaidh comaoin den tsamhail sin.

Ciallaíonn **“clár”** (a) sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim, nó (b) closábhar, arb éard atá i gceist i ngach cás mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bunú ag craoltóir, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus dráma úrnua.

ciallaíonn **“carachtair cláir”** carachtair agus pearsantachtaí ó chláir do leanaí atá á gcraoladh faoi láthair agus a úsáidtear chun táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn i gcumarsáid tráchtála do leanaí. Sa chás seo, ciallaíonn “faoi láthair” cláir rialta atá le fillleadh ar an sceideal sa chéad séasúr craolacháin eile freisin.

Ciallaíonn **“seirbhís craolacháin fuaime nó craoladh fuaime”** seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás: (a) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do chláir fuaime a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a sholáthar, agus (b) go gcuirtear an tseirbhís ar fáil le héisteacht go comhuaineach nó geall le bheith comhuaineach le cláir fuaime ar bhonn sceideal clár.

Ciallaíonn **“teicníc scáileáin roinnte”** teicníc lenar féidir ábhar eagarthóireachta agus eolas tráchtála a chur i láthair go comhuaineach ar an scáileán céanna, roinnte in dhá chuid nó níos mó.

Ciallaíonn **“urraíocht”** aon ranníocaíocht arna déanamh ag gnóthais phoiblí nó phríobháideacha nó daoine nádúrtha nach bhfuil ag gabháil do sheirbhísí meán closamhairc nó do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán a sholáthar ná do shaothair chlosamhairc a tháirgeadh chun maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí meán closamhairc, ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ar fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí nó ar chláir d’fhonn ainm, trádmharc, íomhá, gníomhaíochtaí nó táirgí na ngnóthas nó ndaoine sin a chur chun cinn.



ciallaíonn **“teicnící fo-thairseachúla”** aon ghléas teicniúil, lena dtapaítear an fhéidearthacht, trí íomhánna fíorghearr ó thaobh faid de a úsáid nó trí mhodh ar bith eile, teachtaireacht a sheoladh chuig baill de spriocluacht, féachana nó éisteachta nó tionchar a fheidhmiú ar bhealach éigin eile orthu, gan iad a bheith feasach nó lánfheasach faoin méid a rinneadh.

ciallaíonn **“cumarsáid tráchtála fholaitheach”** léiriú i bhfocail nó pictiúir ar earraí, seirbhísí, ainm, trádmharc nó gníomhaíochtaí táirgeora earraí nó soláthraí seirbhísí i gcláir i gcás ina bhfuil an léiriú sin beartaithe ag an gcraltóir le fónamh mar fhógraíocht agus go bhféadfadh sé go gcuirfí an pobal ar míthreoir leis faoina chineál. Measfar léiriúchán den sórt sin go sonrach a bheith d’aon ghnó má dhéantar é ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil.

Ciallaíonn **“teilishiopadóireacht”** craoladh tairisceana dírí don phobal d’fhonn earraí nó seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear maoin dhochorraithe, cearta agus oibleagáidí, mar mhalairt ar íocaíocht.

ciallaíonn **“craoltóireacht teilifíse”** nó **“craoladh teilifíse”** (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a sholáthraíonn craoltóir chun féachaint go comhuaineach ar chlár ar bhonn sceideal clár.

ciallaíonn **“réamhfhógrán”** tiomsú sleachta ó chlár nó clár atá le teacht.

ciallaíonn **“teicnící fíorúla”** teicnící fógraíochta lenar féidir le craoltóirí teachtaireachtaí tráchtála fíorúla a chur isteach go leictreonach i gcrailtáí tríd an gcomhartha féin a athrú, mar shampla, trí bhoird fógraíochta atá ann cheana a ionadú ar réimse nó íomhánna nua (e.g. tríthoiseacha) a fhorleagan.

3. Eisiaimh

Ní mheastar gur cineálacha cumarsáide tráchtála iad na nithe seo a leanas chun críocha an Chóid agus na Rialacha agus ní cheanglaítear orthu an Cód agus na Rialacha a chomhlíonadh, ach ní mór dóibh na cóid maidir le seirbhísí meán agus na rialacha maidir le seirbhísí meán de chuid an Choimisiúin a bhaineann le hábhar clár a chomhlíonadh:

- 3.1 maidir le réamhfhógráin, meastar gur cláir seachas cumarsáid tráchtála iad i gcás ina mbaineann siad le cláir a bhíonn ar siúl ar an tseirbhís craolacháin chéanna. Maidir le réamhfhógráin do chlár ar sheirbhís craolacháin eile a chraoltar gan íocaíocht nó comaoin chomhchosúil, meastar gur trasphromóisin iad i gcás ina bhfuil na seirbhísí craolacháin faoi úinéireacht agus faoi smacht an chraoltóra chéanna; agus
- 3.2 fógraí seirbhíse poiblí agus achomhairc do charthanas a chraoltar saor in aisce.



Forálacha an Chóid maidir le Seirbhísí Meán

Cuid 4: Cumarsáid Tráchtála Thoirmisce

4. Cumarsáid Tráchtála Thoirmisce

- 4.1 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála más rud é:
- 4.1.1 gur cumarsáid tráchtála fholaitheach í;
 - 4.1.2 go n-úsáideann sí teicnící fo-thairseachúla;
 - 4.1.3 gur cumarsáid tráchtála mhíthreorach í;
 - 4.1.4 go ndéanann sí dochar don urraim ar dhínit dhaonna;
 - 4.1.5 go n-áiríonn sí nó go gcuireann sí chun cinn aon idirdhealú bunaithe ar ghnéas, bunús ciníoch nó eitneach, náisiúntacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh;
 - 4.1.6 go spreagann sí iompar atá díobhálach don tsláinte nó don tsábháilteacht;
 - 4.1.7 go spreagann sí iompar atá thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil;
 - 4.1.8 go mbaineann sí le toitíní, táirgí tobac eile, toitíní leictreonacha nó coimeádáin athlíonta;
 - 4.1.9 go mbaineann sí le deochanna alcólacha agus atá dírithe go sonrach ar leanaí nó a spreagann ól neamh-mheasartha na ndeochanna sin;
 - 4.1.10 go mbaineann sí le táirgí íocshláinte nó cóireálacha leighis nach bhfuil ar fáil ach amháin ar oideas sa Stát, nó drugaí rialaithe nó substaintí sícighníomhacha;
 - 4.1.11 gurb éard atá inti teilishiopadóireacht le haghaidh táirgí íocshláinte atá faoi réir údarú margaidh de réir bhrí Threoir 2001/83/CE (lena n-áirítear cógais ar oideas), nó teilishiopadóireacht le haghaidh cóireáil leighis.
 - 4.1.12 go mbaineann sí le bainne foirmle do naíonáin atá beartaithe lena húsáid ag naíonáin le linn na chéad sé mhí den saol;
 - 4.1.13 go bhfuil ábhar inti a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é ar dóigh dó gríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh aon ghrúpa, nó in aghaidh duine de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,² eadhon gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó treoshuíomh gnéasach. Is ní den chineál sin é an náisiúntacht gan dochar d'fhorálacha speisialta an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an Chonartha ar an Aontas Eorpach.;

² Áirítear leis sin baill den Lucht Siúil nó den phobal Romach, ach gan bheith teoranta dóibh.



- 4.1.14 go n-áiríonn sí iompar arb ionann é agus briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541;
- 4.1.15 go bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é is cúis le díobháil nó cion míchuí a dhéanamh;
- 4.1.16 gur dócha go mbainfidh sí an bonn d'údarás an Stáit; nó
- 4.1.17 go bhfuil sí dírithe ar aidhm pholaitiúil,³ go mbaineann sí ar shlí ar bith le díospóid thionsclaíoch, nó go bpléann sí fiúntas cloí le haon chreideamh nó creidiúint reiligiúnach nó a mhalairt, nó fiúntas a bheith i do bhall d'aon reiligiún nó eagraíocht reiligiúnach, mar a thoirmisctear faoi Ailt 46M(2)(a) agus 46M(2)(b) den Acht.

³ Níl feidhm ag an toirmeasc seo maidir le cumarsáid tráchtála a chraoltar thar ceann an Choimisiúin Toghcháin (An Coimisiún Toghcháin) i ndáil le ní dá dtagraítear in Alt 32 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 maidir le reifreann. Ba cheart do chraoltóirí a bheith ar an eolas go ndéantar aicmí cumarsáide tráchtála eile a thoirmeasc, a theorannú nó a shrianadh ar bhealach eile le forálacha reachtacha nó rialála seachas iad sin a leagtar amach sa chuid seo den Chód.



Cuid 5: Riachtanais Ghinearálta (Gach cumarsáid tráchtála)

Dícheall Cuí agus Comhlíonadh

5.1 Féadfaidh cumarsáid tráchtála a bheith faoi réir rialáil ar leith de bhreis ar fhorálacha an Chóid agus na Rialacha. Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta don mhéid seo, rialáil ag: -

- An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) (Táirgí íocshláinte agus táirgí eile)
- An Banc Ceannais (Táirgí agus seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear árachas)
- ComReg (Teileachumarsáid agus táirgí agus seirbhísí eile)
- Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann (Cearrbhachas, lena n-áirítear gealltóireacht, cluichíocht agus crannchuir)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (An tAcht Sláinte Poiblí (Alcól), 2018, lena n-áirítear an tairseach ghaolmhar ar fhógraíocht alcóil).

Glacfaidh craoltóirí bearta comhréireacha, réasúnacha agus iomchuí chun a dheimhniú dóibh féin go mbeidh gach cumarsáid tráchtála a chruthaíonn siad nó a ullmhaítear lena craoladh ar a seirbhís, lena n-áirítear cumarsáid a ullmhaíonn tríú páirtithe, i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na hÉireann agus na hEorpa agus aon rialacha, rialacháin agus cóid chleachtais a eisíonn aon údarás inniúil ábhartha ó am go chéile.

Cosaint an Lucht Féachana

5.2 Áiríteoidh craoltóirí:

- 5.2.1 go ndéanfar cumarsáid tráchtála a sceidealú go hiomchuí, agus aird á tabhairt ar am an chraolta, ar chineál an chláir, ar an lucht féachana agus éisteachta is dócha a bheidh ann agus ar a n-ionchais, agus ar chineál an táirge nó na seirbhíse atá á chur chun cinn;
- 5.2.2 go gcuirfear an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le tairiscint i láthair go soiléir agus ar bhealach nach dócha go gcuirfeadh ábhar ná cur i láthair na faisnéise an lucht féachana agus éisteachta ar mhíthreoir;
- 5.2.3 go ndéanfar craoltóirí bearta réasúnta chun a áirithiú nach cosúil go mbeidh cumarsáid tráchtála níos glóraí ná clársceidealú cóngarach. Bunóidh craoltóirí teorainneacha soiléire maidir le húsáid a bhaint as comhbhrú, teorannú agus cothromú de réir mar atá feidhm acu sin maidir le fógraí, i gcomhréir le dea-chleachtas;
- 5.2.4 nach n-úsáidfear maisíochtaí fuaime i gcumarsáid tráchtála ar bhealach a chuirfeadh an lucht féachana agus éisteachta ar míthreoir, a chuirfeadh mearbhall orthu nó a chuirfeadh eagla nó anacair orthu;
- 5.2.5 nach spreagfar le cumarsáid tráchtála eagla gan údar sa lucht féachana agus éisteachta;



- 5.2.6 go ndéanfar bearta comhréireacha chun a áirithiú gurb amhlaidh maidir le hábhar atá i gcumarsáid tráchtála ar dhócha go gcuirfí as leis d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí, ach gcuirfear ar fáil é ach amháin ar bhealach a fhágfaidh nach gcloisfidh nó nach bhfeicfidh leanaí é de ghnáth;
- 5.2.7 gurb amhlaidh le cumarsáid tráchtála nach ngrósaítear leanaí go díreach chun táirge nó seirbhís a cheannach nó a fháil ar cíós trí theacht i dtír ar a neamhchleachtadh nó saontacht, iad a spreagadh go díreach chun a áitiú ar a dtuismitheoirí nó ar dhaoine eile na hearraí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach, teacht i dtír ar an muinín speisialta a chuireann leanaí i dtuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile, nó leanaí a léiriú ar bhealach míréasúnta i staideanna contúirteacha; agus
- 5.2.8 maidir le haon sonraí pearsanta faoi leanaí a bhailítear nó a ghintear ar bhealach eile le haon bhearta a dhéantar faoi fho-alt (f) thuas nach bpróiseálfar iad chun críoch tráchtála, amhail margaíocht dhíreach, próifiliú agus fógraíocht dírithe ar iompar.

Faisnéis agus Maímh i gCumarsáid Tráchtála

- 5.3 Déanfaidh craoltóirí bearta comhréireacha agus réasúnta chun an méid seo a leanas a áirithiú:
 - 5.3.1 go mbeidh cumarsáid tráchtála chomparáideach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcomhshaol nó leis an inbhuanaitheacht, ina ndéantar comparáid oibiachtúil idir táirgí nó seirbhísí a chomhlíonann na riachtanais chéanna nó atá beartaithe chun na críche céanna, bunaithe ar fhíorais ar féidir bunús a thabhairt leo, agus nach roghnófar ábhar aon chomparáide ionas go dtabharfar buntáiste saorga nó éagórach don tionscnóir;
 - 5.3.2 nach ndéanfar cur síos ar tháirgí mar tháirgí “saor in aisce” mura rud é go soláthraítear iad ar chostas ar bith nó gan chostas breise (seachas an postas nó an táille iompair iarbhrí);
 - 5.3.3 go mbeidh na teistiméireachtaí a mbaintear úsáid as fíor, ábhartha agus comhaimseartha, agus go mbaineann siad leis an duine a thugann an teistiméireacht; agus
 - 5.3.4 go gcuirfear faisnéis ina sonraítear aon mhaímh a áirítear i gcumarsáid tráchtála i láthair i dteanga shoiléir agus, nuair is ábhartha, go labhraítear í ar luas iomchuí ionas gur féidir ábhar aon fhaisnéise breise a chuirtear ar fáil a thuiscint go soiléir.

Sláine agus Trédhearcacht Eagarthóireachta

- 5.4 Áiritheoidh craoltóirí:
 - 5.4.1 go mbeidh gach cumarsáid tráchtála, lena n-áirítear fógraíocht agus teilishiopadóireacht, inaitheanta agus indealaithe go héasca ó ábhar eagarthóireachta;
 - 5.4.2 gan dochar d'úsáid teicnící fógraíochta nua, déanfar fógraíocht teilifíse agus teilishiopadóireacht a choimeád ar bhealach sách ar leithligh ó chodanna eile den chlár ar mhodhanna optúla agus/nó fuaimiúla agus/nó spásúla;
 - 5.4.3 nach ndéanfar le cumarsáid tráchtála, lena n-áirítear fógraíocht agus teilishiopadóireacht, a chur isteach i gclár difear do shláine ábhar an chlár ná dá sceidealú. Cuirfear isteach



míreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta i gcláir ar bhealach lena gcuirtear san áireamh na bristeacha nádúrtha sa chlár lena mbaineann agus fad agus cineál an chlár sin agus ní dhéanfar dochar leo do chearta na sealbhóirí ceart. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le cainéil teilifíse atá tiomnaithe go heisiach d'fhógraíocht agus do theilishiopadóireacht, ná maidir le cainéil teilifíse atá tiomnaithe go heisiach d'fhéinchur chun cinn;

5.4.4 nach ndéanfaidh láithreoirí nó pearsanra ar an aer táirgí nó seirbhísí a fhógairt nó a fhormhuiniú le linn ábhar eagarthóireachta. ach amháin nuair atá údar eagarthóireachta leis; agus

5.4.5 nach mbeidh daoine a chuireann cláir nuachta i láthair go rialta le feiceáil i gcumarsáid tráchtála, seachas in achomhairc ó charthanais chláraithe nó i bhfeachtais seirbhíse poiblí.

Ceartha Tríú Páirtithe

5.5 Áiritheoidh craoltóirí nach léireofar daoine atá beo, nach ndéanfar aithris orthu agus nach dtagrófar dóibh i gcumarsáid tráchtála gan a gcead, mura mbaineann an chumarsáid le foilseachán, clár nó saothar comhchosúil ina bhfuil an duine sin le feiceáil.

Cuid 6: Urraíocht

Neamhspleáchas Eagarthóireachta

6.1 Áiritheoidh craoltóirí nach n-imrítear tionchar ar ábhar ná ar sceidealú seirbhísí craolacháin nó clár urraithe, i gcás ar bith, ar bhealach a dhéanfaidh difear d'fhreagracht agus do neamhspleáchas eagarthóireachta an chraoltóra.

Idirdhealú idir Urraíocht agus Fógraíocht

6.2. Áiritheoidh craoltóirí nach é a bheidh i gceist le socrúithe urraíochta ná fógraíocht, mar a shainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha. Go háirithe, áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfaidh socrú urraíochta aon cheann díobh seo a leanas:

6.2.1 ní spreagfar go díreach earraí nó seirbhísí a cheannach nó a fháil ar cíós;

6.2.2 ní áireofar leis cóip fógraíochta, praghsanna, formhuinithe nó glao ar cheannach, mar a shainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha;

6.2.3 ní dhéanfar tagairtí promóisin ar leith leis do tháirge nó seirbhís, lena n-áirítear tagairtí atá sonrach do dhíolacháin agus lascaíní inchainníochtúla amhail laghdú 25%, tairiscintí péire ar leathphraghas, agus tagairtí do phráinn nó neasacht an phromóisin; nó

6.2.4 ní chuirfear béim mhíchuí leis ar tháirge nó seirbhís de chuid an urraitheora, trí níos mó béime a thabhairt dó nó di ná mar atá údar eagarthóireachta leis nó léi.

6.3. Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh deighilt shoiléir ann idir urraíocht agus fógraíocht don lucht féachana nó éisteachta.



Sainaithint na hUrraíochta

6.4. Áiritheoidh craoltóirí:

- 6.4.1 go sainaithneofar cláir urraithe go soiléir amhail ag tús, le linn agus/nó ag deireadh clár. Féadfar an tsainaithint ar bhealach fuaimiúil nó físiúil lena n-áirítear tagairtí d'ainm an urraitheora, an táirge nó na táirgí nó an tseirbhís nó na seirbhísí dá chuid nó dá cuid, nó comhartha sainiúil air sin, mar shampla trí lógó agus/nó aon siombail eile den urraitheoir; agus
- 6.4.2 go mbeidh socruithe urraíochta teoranta d'fhógraí lena ndearbhaítear an socrú urraíochta agus fógraí le haghaidh comórtais urraithe.

Urraíocht Thoirmiscithe

6.5. Áiritheoidh craoltóirí:

- 6.5.1 nach gnóthais, arb é a bpríomhghníomhaíocht toitíní agus táirgí tobac eile chomh maith le toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlúnta a mhonarú nó a dhíol, a dhéanfaidh urraíocht ar chláir ná ar sheirbhísí;
- 6.5.2 nach gcuirfear chun cinn le socruithe urraíochta táirgí sonracha íocshláinte nó cóireálacha sonracha leighis nach bhfuil ar fáil ach ar oideas sa Stát. Le socruithe urraíochta de chuid gnóthais a áirítear lena ngníomhaíochtaí táirgí íocshláinte agus cóireáil leighis a mhonarú nó a dhíol, ní fhéadfar ach ainm nó íomhá an ghnóthais a chur chun cinn.

6.6. Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar urraíocht ar chláir nuachta.

6.7. Áiritheoidh craoltóirí teilifíse:

- 6.7.1 nach ndéanfar urraíocht ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha; agus
- 6.7.2 nach léireofar lógó urraíochta le linn cláir faisnéise ná cláir reiligiúnacha.

Comórtais Urraithe

- 6.8. Áiritheoidh craoltóirí nach é a bheidh i gceist le comórtais urraithe leis an lucht féachana agus éisteachta laistigh de chláir fógraíochta mar a shainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha. Le ceisteanna comórtais, sásraí iontrála agus duaiseanna, ní chuirfear béim mhíchuí ar an urraitheoir, go háirithe na saoráidí, na táirgí nó na seirbhísí dá chuid.
- 6.9. Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh seans maith ann go mbaufaidh rannpháirtithe i gcomórtais urraithe agus cuirfidh siad an t-eolas ábhartha uile faoin gcomórtas ar fáil don lucht féachana agus éisteachta, lena n-áirítear na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme, an áit ar féidir teacht orthu agus aon fhorálacha sna téarmaí agus coinníollacha sin a chuireann teorainneacha leis an gcomórtas, lena n-áirítear rannpháirtíocht sa chomórtas.



Cuid 7: Suíomh Táirgí (Teilifís Amháin)

Prionsabal Ginearálta

- 7.1. Ceadófar suíomh táirgí i seirbhísí craolacháin, faoi réir na gceanglas agus na n-eisceachtaí a leagtar amach san Alt seo.

Suíomh Táirgí Toirmisce

- 7.2. Áiritheoidh craoltóirí nach n-áireofar suíomh táirgí sna cláir seo a leanas:
- 7.2.1 cláir nuachta agus cúrsaí reatha;
 - 7.2.2 cláir ghnóthaí tomhaltóirí;
 - 7.2.3 cláir reiligiúnacha; nó
 - 7.2.4 cláir do leanaí.
- 7.3. Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar suíomh táirgí orthu seo a leanas i gcláir:
- 7.3.1 toitíní nó táirgí tobac eile, toitíní leictreonacha nó coimeádáin athlonta, ná suíomh táirgí ó ghnóthais arb é a bpríomhghníomhaíocht na táirgí sin a mhonarú nó a dhíol;
 - 7.3.2 táirgí sonracha focshláinte nó cóireálacha sonracha leighis nach bhfuil ar fáil ach le hoideas sa Stát.

Ceanglais maidir le Cláir ina bhfuil Suíomh Táirgí

- 7.4. Áiritheoidh craoltóirí go gcomhlíonfar na ceanglais uile seo a leanas le cláir ina bhfuil suíomh táirgí:
- 7.4.1 ní imreofar tionchar ar a n-ábhar agus ar a sceidealú ar bhealach a d'fhágfadh go ndéanfar dífeall d'fhreagracht agus neamhspleáchas eagarthóireachta an chraoltóra;
 - 7.4.2 ní dhéanfaidh an clár spreagadh díreach chun earraí nó seirbhísí a cheannach nó a fháil ar cíós, go háirithe trí thagairtí speisialta poiblíochta a dhéanamh do na hearraí nó do na seirbhísí sin;
 - 7.4.3 ní thabharfaidh an clár tosaíocht mhíchuí don táirge atá i gceist;
 - 7.4.4 cuirfear breathnóirí ar an eolas ar bhealach soiléir faoi shuíomh táirgí a bheith ann ach é a aithint go soiléir i dtús agus i ndeireadh an chláir, agus nuair a thosaíonn clár arís tar éis sos fógraíochta, chun nach mbeidh aon mhearbhall ar an mbreathnóir;
 - 7.4.5 ar na teidil creidiúna deiridh le haghaidh clár ina bhfuil suíomh táirgí, áireofar ainm na soláthraithe agus na dtáirgí nó na seirbhísí a sholáthraítear; agus
 - 7.4.6 go mbeidh sainathint suímh táirgí i gcomhréir le haon cheanglais a fhoilsíonn an Coimisiún ó am go chéile i leith chineál sainitheanta an tsuímh táirgí i gclár.
- 7.5. Coimeádfaidh craoltóirí taifead ar chlár ina dtarlaíonn suíomh táirgí, an suíomh i ngach clár. Coinneofar an fhaisnéis sin ar feadh 90 lá tar éis clár ina bhfuil suíomh táirgí a chraoladh. Ní mór an t-eolas a bheith ar fáil freisin i leith aon chlár neamhspleácha atá coimisiúnaithe ag an gcraoltóir.



7.6. Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh údar ó thaobh na heagarthóireachta de le suíomh táirgí in ábhar cláir.

Raon Feidhme agus Cur i bhFeidhm

7.7. Níl feidhm ag an Alt seo ach amháin maidir le cláir a táirgeadh tar éis an 19 Nollaig 2009.

7.8. Ní bheidh feidhm ag Ailt 7.4.4, 7.4.5, 7.4.6 ná 7.5 ach amháin maidir le cláir a bhí táirgthe nó coimisiúnaithe ag an gcraoltóir nó cuideachta atá comhcheangailte leis an gcraoltóir.



Cuid 8: Cumarsáid Tráchtála do Leanaí

Tá feidhm ag an Alt seo maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí mar a shainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha, is é sin, cumarsáid tráchtála lena gcuirtear chun cinn táirgí, seirbhísí nó gníomhaíochtaí a mheastar a bheith chun leas leanaí agus/nó a chraoltar i gcláir do leanaí nó thart orthu.

Tá na ceanglais san Alt seo sa bhreis ar na Ceanglais Ghinearálta in Alt 2 den Chód agus de na Rialacha agus ní chuirtear in ionad na gceanglas sin iad.

Cumarsáid Tráchtála Thoirmiscthe Bhreise

- 8.1 De bhreis ar na toirmisc a leagtar amach in Alt 1 de Chuid 2 den Chód agus de na Rialacha seo, tá toirmeasc ar chumarsáid tráchtála do leanaí ina bhfuil léirithe agus/nó tagairtí d'aon cheann díobh seo a leanas:
- 8.1.1 cearrbhachas;
 - 8.1.2 Táirgí agus seirbhísí a bhaineann le laghdú, teorannú nó rialú meáchain;
 - 8.1.3 seirbhísí cur in aithne agus geandála;
 - 8.1.4 seirbhísí de chineál gnéasach;
 - 8.1.5 teicnící scáileáin roinnte, idirghníomhacha agus fíorúla; nó
 - 8.1.6 táirgí cosmaide máinliachta agus neamh-mháinliachta.
- 8.2 Áiritheoidh craoltóirí nach gcráolfar cumarsáid tráchtála do leanaí ina bhfuil tagairtí, de chineál físiúil nó fuaimiúil, don Nollaig, roimh an 1 Samhain gach bliain.

Trédhearcacht agus Scaradh

- 8.3 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh sé soiléir go mbeidh cumarsáid tráchtála do leanaí ar leithligh ó ábhar cláir agus nach n-áirítear sleachta iontu ó chláir do leanaí lena bhféadfaí an t-idirdhealú idir cumarsáid tráchtála agus ábhar cláir a fhágáil doiléir.

Cur i Láthair Fíorasach

- 8.4 Áiritheoidh craoltóirí nach dtiocfar i dtír ar easpa taithí, saontacht agus dílseacht nádúrtha leanaí trí chumarsáid tráchtála do leanaí.
- 8.5 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí:
- 8.5.1 go léireofar go soiléir léi cad iad na codanna, na heilimintí nó na hoiriúintí atá mar chuid de ghnáthcheannachán an táirge nó na seirbhíse agus go ndéanfar idirdhealú léi idir iad sin nach bhfuil ar fáil ach ar chostas breise;
 - 8.5.2 go n-áiritheofar léi go mbeidh teachtaireachtaí ar scáileán agus 'i gcló beag' soiléir, simplí agus inléite agus go leanfaidh siad de bheith ar scáileán ar feadh tréimhse leordhóthanach chun a chumasú do leanaí í a léamh;
 - 8.5.3 go dtabharfar léiriú léi ar mhéid iarbhír an táirge;



- 8.5.4 go léireofar go soiléir léi cad iad na ceallraí is gá chun an táirge a oibriú agus cé acu atá nó nach bhfuil siad curtha ar fáil leis an táirge;
- 8.5.5 go léireofar go soiléir cathain is gá táirge a chur le chéile agus cén aois is gá go ginearálta chun an táirge a chur le chéile;
- 8.5.6 go seachnófar léi úsáid íteanga, éifeachtaí speisialta nó radhairc shamhlaíocha lena bhféadfaí mearbhall a chur ar an leanbh nó tabhairt air nó uirthi a chreidiúint go bhfuil cumais nó saintréithe sa táirge nó sa tseirbhís aige nach bhfuil aige dáiríre;
- 8.5.7 nach ndéanfar léi, i gcás bréagán nó táirgí a bhféadfaí a bheith ag súil leis, den chuid is mó, go mbeidís i seilbh daoine faoi 15 bliana d'aois, comparáidí díreacha idir leaganacha/samhlacha reatha agus 'feabhsaithe' den táirge, fiú amháin nuair atá na ráitis nó na héilimh bailí.

Faisnéis faoi Phraghsanna

- 8.6 Áiritheoidh craoltóirí go gcuirfear aon praghas nó aon fhaisnéis a bhaineann le praghsanna i gcumarsáid tráchtála do leanaí i láthair ar bhealach atá soiléir do leanbh atá ag féachaint nó ag éisteacht, agus go bhfuil an fhaisnéis sin iomlán agus cruinn. Go háirithe:
 - 8.6.1 beidh praghsanna in euro agus beidh CBL agus aon mhuirir ghaolmhara san áireamh iontu;
 - 8.6.2 i gcás ina mbeidh praghas earra a bheidh á fhógairt ag brath ar earra eile a cheannach, nó i gcás ina thaispeánfar roinnt earraí ach nach dtabhfar praghas ach ar chuid díobh, cuirfear é sin in iúl go soiléir; agus
 - 8.6.3 i gcás ina ndéanfar bréagáin os cionn tairseach praghais de €50 a chur chun cinn, luafar an praghas sa chumarsáid tráchtála.
- 8.7 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar an méid seo a leanas maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí:
 - 8.7.1 ní úsáidfear teanga a thugann le tuiscint do leanaí gur beag costas táirge nó seirbhíse (mar shampla focail amhail "amháin" nó "níl sé ach"); nó
 - 8.7.2 ní dhéanfar duaiseanna nó luach saothair a thairiscint do leanaí as ceannaitheoirí nua a mhealladh don táirge nó don tseirbhís.

Brú Míchuí agus Dúshaothrú

- 8.8 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar aon cheann díobh seo a leanas i gcumarsáid tráchtála do leanaí:
 - 8.8.1 nach ndéanfar leanaí a spreagadh ná a ghríosú go díreach le cumarsáid tráchtála do leanaí chun iarraidh ar dhaoine fásta na táirgí nó na seirbhísí atá á gcur chun cinn a cheannach;
 - 8.8.2 nach dtabharfar le fios le cumarsáid tráchtála do leanaí go bhfágfaidh seilbh nó úsáid táirge nó seirbhíse go mbeidh an leanbh nó a theaghlach/a teaghlach ardchéimíúil go fisiceach, go sóisialta nó go síceolaíoch;
 - 8.8.3 nach dtabharfar le fios go mbeidh tionchar ag seilbh nó úsáid táirge nó seirbhíse ar an ngnaoi ar an leanbh nó ar a chumas cairde a dhéanamh, nó go mbainfear ón méid sin dá mbarr;
 - 8.8.4 nach ndéanfar imní a chothú i leanaí maidir le cuma a gcoirp; nó



- 8.8.5 nach dtabharfar le fios le cumarsáid tráchtála do leanaí go bhfuil tuismitheoir, caomhnóir nó duine fásta a cheannaíonn nó a sholáthraíonn táirge nó seirbhís don leanbh, níos fearr, níos cliste nó níos flaithiúla ná an duine nach ndéanann sin.

Cosaint Leanaí

- 8.9 Áiritheoidh craoltóirí nach n-úsáidfear leanaí i gcumarsáid tráchtála do leanaí chun trácht a dhéanamh ar tháirgí nó ar sheirbhísí, nó chun iad a mholadh, ach amháin le haghaidh táirgí agus seirbhísí a bhféadfadh leanaí a bheith ag súil le réasún lena n-úsáid agus a mbeadh suim acu iontu iad féin de ghnáth.
- 8.10 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí:
- 8.10.1 nach ndéanfar leanaí a spreagadh trí chumarsáid tráchtála do leanaí chun dul isteach i staideanna neamhshábháilte nó in áiteanna aisteacha nó labhairt le strainséirí;
- 8.10.2 nach ndéanfar leanaí a léiriú i staideanna atá contúirteach go morálta nó go fisiciúil, seachas nuair is é an t-aon chuspóir amháin atá ag an gcumarsáid tráchtála sábháilteacht a chur chun cinn;
- 8.10.3 nach ndéanfar leanaí a léiriú gan trealamh sábháilteachta iomchuí nó gan maoirseacht iomchuí ó dhuine fásta, nó gan rialacha sábháilteachta is infheidhme a chomhlíonadh, agus iad i mbun gníomhaíochtaí a éilíonn an trealamh, an mhaoirseacht nó na rialacha sin;
- 8.10.4 nach spreagfar leanaí chun dul i mbun iompraíocht fhrithshóisialta, nó chun leanaí a léiriú agus iad i mbun na hiompraíochta sin, go háirithe bulaíocht a dhéanamh ar leanaí eile, a bheith ag spochadh astu nó ag magadh fúthu, mura rud é gurb é an t-aon chuspóir amháin atá ag an gcumarsáid tráchtála cur in éadan na hiompraíochta sin;
- 8.10.5 nach n-áireofar radhairc inti a bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeidh siad ina gcúis le ciapadh do leanaí; nó
- 8.10.6 nach léireofar leanbh ar bhealach atá téisiúil.
- 8.11 Áiritheoidh craoltóirí nach n-áireofar foréigean i gcumarsáid tráchtála do leanaí mura bhfuil sé riachtanach mar chuid de theachtaireacht seirbhíse poiblí. Nuair a áireofar foréigean ar an mbonn sin, áiritheoidh craoltóirí go gcuirfear an chumarsáid i láthair agus go sceidealaítear í ar bhealach freagrach ionas nach gcuirfidh sé as leanaí.

Aiste Bia agus Cothú

- 8.12 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí:
- 8.12.1 go léireofar bia ar bhealach freagrach agus nach spreagfar stíl mhaireachtála mhífholláin nó nósanna itheacháin nó ólacháin mífholláine, lena n-áirítear caitheamh míchuibheasach, nó itheachán iomarcach, éigníoch nó sriantach;
- 8.12.2 nuair a chuirfear i láthair amanna béile, go ndéanfar ról an táirge nó na seirbhíse a léiriú go soiléir agus go leordhóthanach faoi chuimsiú aiste chothrom bia;
- 8.12.3 nach mbeidh aon eolas míthreorach nó mícheart i gcumarsáid tráchtála do leanaí faoi luach beathaithe táirge;



- 8.12.4 nach ndéanfar comparáidí míthreoracha ná míchearta idir bianna;
- 8.12.5 nach dtabharfar le fios leo go bhfuil bianna ar leith ina n-ionadaí nó ina n-athchur do thorthaí agus/nó glasraí;
- 8.12.6 i gcás táirgí, ionaid díola agus/nó brandaí mearbhia go léireofar teachtaireacht fhuaimiúil nó amhairc lena sonraítear 'ba cheart beagán díobh a ithe agus mar chuid d'aiste chothrom bhia';
- 8.12.7 i gcás táirgí milseogra, go léireofar teachtaireacht fhuaimiúil nó fhísiúil lena sonraítear gur 'féidir go ndéanfar damáiste d'fhiacra má bhíonn smailc bianna agus deochanna siúcra agat';
- 8.12.8 i gcás táirgí cáise, go léireofar teachtaireacht fhuaimiúil nó fhísiúil lena sonraítear "níor cheart do leanaí níos mó ná píosa beag cáise ar cóimhéid le bosca cipíní a ithe in aghaidh an lae agus is fearr roghanna ar lú a gcion saille";
- 8.12.9 nach léireofar daoine cáiliúla ná réaltaí spóirt, ná nach ndéanfar tagairt dóibh, chun táirgí bia nó dí a chur chun cinn (lena n-áirítear táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS), mura rud é go bhfuil an chumarsáid tráchtála mar chuid d'fheachtas sláinte poiblí nó oideachais.

Táirgí agus Seirbhísí ina bhfuil Ardchion Saille, Salainn nó Siúcra

- 8.13 Áiríteoidh craoltóirí an méid seo a leanas:
 - 8.13.1 cumarsáid tráchtála maidir le táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, nach gceadófar a leithéid i gclár do leanaí nó timpeall orthu;
 - 8.13.2 cumarsáid tráchtála le haghaidh leanaí maidir le táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, ní áireofar carachtair cheadúnaithe léi;
 - 8.13.3 cumarsáid tráchtála le haghaidh leanaí do tháirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, ní áireofar maímh maidir le sláinte agus cothú léi; agus
 - 8.13.4 cumarsáid tráchtála maidir le táirgí bia agus/nó seirbhísí HFSS, ní áireofar tairiscintí bolscaireachta léi.
- 8.14 Ní bheidh feidhm ag Alt 8.13 maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí i dtaca le táirgí cáise. Ní bheidh feidhm ag an díolúine seo maidir le táirgí bia HFSS a bhfuil cáis ina comhábhar iontu.

Carachtair Chláir

- 8.15 Áiríteoidh craoltóirí nach n-úsáidfear carachtair cláir chun táirgí nó seirbhís a chur chun cinn, lena n-áirítear táirgí agus/nó seirbhísí bia HFSS, i gcumarsáid tráchtála do leanaí. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid seo maidir le cumarsáid tráchtála do leanaí le haghaidh táirgí, imeachtaí nó seirbhísí, a bhaineann go díreach le cláir ina dtagann na carachtair nó na pearsantachtaí aníos de ghnáth. I gcás cumarsáid tráchtála le haghaidh leanaí do tháirgí, imeachtaí nó seirbhísí a bhaineann go díreach leis an gclár leanaí, níor cheart iad a chraoladh ar feadh dhá uair an chloig roimh thús an chláir atá i gceist agus tar éis dheireadh an chláir sin.



Ailt 9 – 17: Rialacha Earnáilshonracha

9. Alcól

- 9.1 De réir an Achta Sláinte Poiblí (Alcól), 2018, ní sceidealóidh craoltóirí cumarsáid tráchtála maidir le halcól ach amháin le linn na dtréimhsí a shonraítear san Acht sin. Comhlíonfaidh cumarsáid tráchtála maidir le halcól a sceidealáítear le linn na dtréimhsí ceadaithe an tAlt seo agus gach alt ábhartha eile den Chód agus de na Rialacha.
- 9.2 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar na nithe seo a leanas i dtaca le cumarsáid tráchtála le haghaidh deochanna alcólacha:
- 9.2.1 nach mbeidh sí dírithe go sonrach ar leanaí nó, go háirithe, nach léireofar leanaí léi agus iad ag ól na ndeochanna sin;
- 9.2.2 nach ndéanfar ól alcóil a nascadh le feidhmíocht fhisiciúil fheabhsaithe nó le tiomáint;
- 9.2.3 nach dtabharfar le tuiscint go gcuireann ól alcóil le rath sóisialta nó gnéasach;
- 9.2.4 nach maífear go bhfuil cáilíochtaí teiripeacha ag alcól nó gur spreagthach nó támhachán é, nó gur modh é chun coinbhleachtaí pearsanta a réiteach;
- 9.2.5 nach spreaga ólachán míchuibheasach deochanna alcólacha, ná ní léireofar inti staonadh nó measarthacht ar bhealach diúltach;
- 9.2.6 nach leagfar béim ar neart ard alcóil mar cháilíocht dhearfach na ndeochanna i gcumarsáid tráchtála chlosamhairc; nó
- 9.2.7 nach mbeidh maíomh sláinte nó maíomh cothaithe a iontu do dheochanna ina bhfuil níos mó ná 1.2% AbV, seachas iad sin lena dtagraítear do laghdú ar an gcion alcóil nó fuinnimh.
- 9.3 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála don mhéid seo a leanas:
- 9.3.1 deochanna ina bhfuil cion alcóil 25% AbV nó os a chionn (mar shampla vodca, uisce beatha, tequila, rum, gin agus branda); nó
- 9.3.2 mianraí meisciúla, deochanna biotáille réamh-mheasctha agus táirgí den chineál céanna.
- 9.4 Ceadaítear do chraoltóirí cumarsáid tráchtála a chraoladh lena gcuirtear imeachtaí nó gníomhaíochtaí a bhfuil urraíocht alcóil acu chun cinn. Is féidir go ndéanfar tagairt d'urraitheoir an imeachta nó na gníomhaíochta, agus do tháirgí an urraitheora sa chumarsáid tráchtála ach ní bheidh sé nó siad níos feiceálaí ná an t-imeacht nó an ghníomhaíocht atá á cur chun cinn.
- 9.5 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le cláir spóirt agus feasacháin spóirt, arna ndéanamh nó arna gcoimisiúnú ag an gcraoltóir, lena n-áirítear comórtais laistigh de chláir spóirt atá léirithe nó coimisiúnaithe ag an gcraoltóir, nach gcuirfead brandaí alcóil chun cinn go díreach leo.
- 9.6 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le míreanna fógraíochta bristeacha solus/feadóige le linn cláir spóirt nach gcuirfead brandaí alcóil chun cinn iontu.



- 9.7 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le cumarsáid tráchtála le haghaidh deochanna alcólacha:
- 9.7.1 nach ndéanfar iad a chraoladh i gcláir do leanaí ná thart orthu; agus
- 9.7.2 nach ndéanfar iad a chraoladh ach i gcláir, nó thart orthu, a bhfuil próifíl daoine fásta a lucht féachana nó éisteachta cothrom le 75% nó níos mó.
- 9.8 Áiritheoidh craoltóirí, i gcás ina bhfuil fógraíocht alcóil ceadaithe, go mbeidh sí teoranta do 25% ar a mhéad d'am fógraíochta díolta agus nach mbeidh ach ceann as ceithre fhógraíocht le haghaidh deochanna alcólacha ceadaithe ar feadh an lae craolacháin. Ní fhéadfaidh níos mó ná dhá fhógraíocht le haghaidh deochanna alcólacha a bheith in aon bhriseadh fógraíochta.

Táirge Saor ó Alcól

- 9.11 Áiritheoidh craoltóirí nach meallfaidh an chumarsáid tráchtála maidir le táirgí saor ó alcól leanaí ná nach ndíreofar í orthu trína cur i láthair, a sceidealú, a stíl agus a hábhar. Ní dhéanfar iad a chraoladh i gcláir do leanaí nó thart orthu.

10. Táirgí, Cóireálacha agus Seirbhísí a Bhaineann leis an tSláinte

“Tagraíonn ‘táirgí, cóireálacha agus seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte’ sa Roinn seo do tháirgí a bhaineann leis an tsláinte, do chóireálacha leighis agus do chóireálacha agus seirbhísí cosmaide, mar a shainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha seo. Ní áirítear leis táirgí íocshláinte ná feistí leighis arna rialáil ag HPRA.

- 10.1 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfaidh cumarsáid tráchtála maidir le táirgí, cóireálacha agus seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte aon cheann díobh seo a leanas:
- 10.1.1 a mhaíomh go dtabharfaidh an táirge, an chóireáil nó an tseirbhís torthaí nó leigheas ráthaithe;
- 10.1.2 maímh áibhéalacha nó neamhréadúla a áireamh a chuirfeadh an lucht féachana agus éisteachta ar míthreoir;
- 10.1.3 eagla a chothú, nó téarmaí nó íomhánna scanrúla nó míthreoracha a úsáid, go háirithe trína thabhairt le tuiscint go bhféadfadh an breathnóir fulaingt, nó fulaingt níos measa, gan chóireáil;
- 10.1.4 úsáid neamhriachtanach, neamh-idirdheallaitheach, neamhréasúnach nó iomarcach ar tháirge, cóireáil nó seirbhís a spreagadh;
- 10.1.5 a thabhairt le tuiscint nach bhfuil gá le comhairliúchán leighis ná le gnáthamh máinliachta, go háirithe trí dhiagnóis a thairiscint nó trí chóireáil tríd an bpost nó trí mhodhanna leictreonacha a mholadh;
- 10.1.6 a thabhairt le tuiscint gur féidir sláinte an duine lena mbaineann a fheabhsú tríd an táirge, an chóireáil nó an tseirbhís a úsáid, nó go bhféadfadh sé difear a dhéanamh dá shláinte mura n-úsáidtear é nó í;



- 10.1.7 úsáid gan údar a bhaint as focail amhail “sábháilte”, “gan riosca” nó “neamhdhíobhálach”, nó as téarmaí a bhfuil brí chomhchosúil leo;
- 10.1.8 a thabhairt le tuiscint go bhfuil táirge, cóireáil nó seirbhís sábháilte nó éifeachtach toisc gur táirge, cóireáil nó seirbhís nádúrtha é nó í;
- 10.1.9 tagairt a dhéanamh do mholadh ó eolaithe, ó ghairmithe sláinte nó ó dhaoine a d'fhéadfadh, mar gheall ar a stádas mar dhaoine cáiliúla, úsáid táirge, cóireála nó seirbhíse a spreagadh;
- 10.1.10 a thabhairt le tuiscint go bhfuil comhairle ghairmiúil nó moladh gairmiúil á thabhairt ag daoine a chuirtear i láthair, go sainráite nó go hintuigthe, mar dhaoine atá cáilithe chun an chomhairle sin a thabhairt;
- 10.1.11 nach dtagraítear do dhochtúirí murab iomchuí i gcomhthéacs na cumarsáide tráchtála; nó
- 10.1.12 nach dtagraítear do dhuais, comórtas nó scéim chomhchosúil nó lena dtairgtear táirge, cóireáil nó seirbhís sláinte mar dhuaiseanna i gcomórtas.
- 10.2 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála maidir le táirgí, cóireálacha nó seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte atá beartaithe chun aon ghearán, riocht, siomptóm nó galar tromchúiseach a chóireáil, ar cheart dul chuig cleachtóir leighis cláraithe ina leith. Ní bhaineann sé seo le cumarsáid tráchtála maidir le táirgí, cóireálacha nó seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte atá á soláthar ag lia-chleachtóir cláraithe.
- 10.3 Áiríteoidh craoltóirí go mbeidh an méid seo a leanas i gcumarsáid tráchtála maidir le hiophnóis, hipniteiripe, síciteiripe, cóireálacha cosmaide, seirbhísí cosmaide (lena n-áirítear gnáthaimh mháinliachta) agus seirbhísí comhchosúla: -
 - 10.3.1 seoladh an tsoláthraí seirbhíse agus cur síos fíorasach ar na táirgí, na cóireálacha agus na seirbhísí atá ar fáil,
 - 10.3.2 nach beidh inti aon ní a d'fhéadfaí a mheas mar spreagadh díreach chun na seirbhísí a úsáid.
- 10.4 Áiríteoidh craoltóirí nach mbeidh aon ábhar i gcumarsáid tráchtála le haghaidh táirgí, cóireálacha agus seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte atá dírithe go heisiach nó go príomha ar leanaí.

Táirgí Íocshláinte

- 10.5 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála maidir le táirgí íocshláinte ach amháin i gcomhréir le Rialacháin na dTáirgí Íocshláinte (Rialú Fógraíochta), I.R. Uimh. 541 de 2007.

11. Táirgí Cosmaide

- 11.1 Áiríteoidh craoltóirí nach mbeidh ábhar i gcumarsáid tráchtála do tháirgí cosmaide (lena n-áirítear téacs, ainmneacha, trádmharcanna, pictiúir nó comharthaí fíoracha nó eile) lena thabhairt le fios go mbaineann saintréithe nó feidhmeanna leis na táirgí sin nach bhfuil acu.



12. Bia, Cothú agus Sláinte

Maímh Shláinte agus Chothaithe

- 12.1 Áiritheoidh craoltóirí nach gcuirfear cumarsáid tráchtála a bhaineann le hairíonna íocshláinte ar fáil ach i gcás ina n-aithnítear na bianna sin go dlíthiúil mar tháirge íocshláinte. Beidh an chumarsáid sin i gcomhréir le hAlt X den Chód agus de na Rialacha seo.
- 12.2 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh maímh chothaithe agus /nó maímh shláinte i gcumarsáid tráchtála bunaithe ar shonraí eolaíocha a nglactar leo go ginearálta agus lena dtugtar bunús, agus go mbeidh siad comhsheasmhach le prionsabail chothaithe agus shláinte a nglactar leo go ginearálta.
- 12.3 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar maímh chothaithe agus / nó maímh shláinte i gcumarsáid tráchtála i gcás nach bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go dtuigfeadh an gnáth-thomhaltóir na héifeachtaí tairbheacha a léirítear sa mhaíomh.
- 12.4 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le maímh chothaithe agus / nó shláinte a úsáid i gcumarsáid tráchtála:
- 12.4.1 ní áireofar eolas bréagach, athbhríoch nó míthreorach leo;
- 12.4.2 ní bheidh siad ina n-ábhar amhrais faoi shábháilteacht agus/nó leordhóthanacht chothaitheach bianna eile;
- 12.4.3 níl siad ina spreagadh ná ina dtaca le róchaitheamh bia;
- 12.4.4 ní shonrófar leo gur féidir méideanna iomchuí cothaitheach a sholáthar i gcoitinne le haiste chothrom agus ilchineálach bia, ní thugtar an méid sin le fios leo ná ní thugtar an méid sin le tuiscint leo, faoi réir maoluithe dá bhforáiltear le dlí na hEorpa; nó
- 12.4.5 ní thagraítear leo d'athruithe i bhfeidhmeanna colainne a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le heagla sa tomhaltóir nó a d'fhéadfadh teacht i dtír uirthi ann nó inti, is é sin i bhfoirm téacs nó trí léirithe pictiúrtha, fuaime, grafacha nó siombalacha.
- 12.5 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh an t-eolas uile seo a leanas san áireamh i gcumarsáid tráchtála ina ndéantar maíomh sláinte:
- 12.5.1 ráiteas lena léirítear an tábhacht a bhaineann le haiste ilchineálach bhia agus stíl mhaireachtála shláintiúil;
- 12.5.2 an méid bia agus pátrún an chaithimh is gá chun an éifeacht thairbhiúil a mhaítear a bhaint amach.
- 12.5.3 i gcás inarb iomchuí, ráiteas atá dírithe ar dhaoine ar cheart dóibh úsáid an bhia a sheachaint; agus
- 12.5.4 rabhadh iomchuí le haghaidh táirgí ar dócha go mbeidh riosca sláinte ag baint leo má chaitear an iomarca díobh.



- 12.6 Áiritheoidh craoltóirí nach n-úsáidfear na maímh shláinte seo a leanas i gcumarsáid tráchtála:
- 12.6.1 maímh lena dtugtar le fios go bhféadfaí difear a dhéanamh do shláinte ach gan an bia a chaitheamh;
 - 12.6.2 maímh lena dtagraítear do ráta nó méid na cailliúna meáchain; nó
 - 12.6.3 maímh lena ndéantar tagairt do mholtaí ó dhochtúirí nó gairmithe sláinte ar leith agus comhlachais eile nach bhfuil cláraithe/deimhnithe ag údarás inniúil ábhartha.
- 12.7 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh aon mhaíomh i gcumarsáid tráchtála go laghdófar riosca galair i gcomhréir le reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann agus go mbeidh ráiteas orthu freisin lena léireofar go bhfuil tosca riosca iomadúla ag an ngalar dá dtagraítear leis an maíomh agus go mb'fhéidir go mbeadh nó nach mbeadh éifeacht thairbhiúil ann dá n-athrófaí ceann de na tosca riosca sin.

Foirmle Leantach

- 12.8 Áiritheoidh craoltóirí an méid seo a leanas maidir le cumarsáid tráchtála le haghaidh foirmle leantach:
- 12.8.1 go soláthrófar léi an fhaisnéis is gá faoi úsáid iomchuí na dtáirgí, ionas nach gcuirfear in aghaidh cothú cíche agus ní mholfar léi, go díreach ná go hintuigthe, go bhfuil an táirge sin níos fearr ná cothú cíche;
 - 12.8.2 go léireofar léi go soiléir mí-oiriúnacht an táirge seo do naíonáin faoi bhun sé mhí;
 - 12.8.3 nach n-ní úsáidfear léi na téarmaí “daonnaithe”, “matharthaithe”, “oiriúnaithe” nó téarmaí den chineál céanna; agus
 - 12.8.4 go ndearfar í ar bhealach lena seachnófar aon riosca mearbhaill idir bainne foirmle do naíonáin agus foirmle leantach agus lena gcumasaítear do thomhaltóir idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu, go háirithe maidir leis an téacs, na híomhánna agus na dathanna a úsáidtear.

Bia agus Deochanna ina bhfuil ardchion Saille, Salainn nó Siúcra (HFSS)

- 12.9 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh a bheidh 25% ar a mhéad d'am fógraíochta díolta agus nach mbeidh ach fógra amháin as ceathair do tháirgí bia agus dí HFSS agus/nó seirbhísí HFSS ceadaithe ar feadh an lae craolacháin.

13. Cóireálacha, Táirgí agus Seirbhísí Tanaithe

- 13.1 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh aon tairiscint i gcumarsáid tráchtála cóireála, táirge nó seirbhíse do thanú (i.e. laghdú, teorannú nó rialú meáchain) ar fíor an méid seo a leanas ina leith:
- 13.1.1 ar dócha di, inti féin, go dtiocfaidh éifeachtaí dochracha aisti;
 - 13.1.2 nach mbaineann go díreach le haiste bia atá deartha i gceart a leanúint; nó
 - 13.1.3 nach sonrófar inti go soiléir an chaoi a mbainfear an tanú amach.



- 13.2 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh ábhar i gcumarsáid tráchtála maidir le cóireálacha, táirgí agus seirbhísí tanaithe atá dírithe go heisiach nó go príomha ar leanaí.
- 13.3 Áiritheoidh craoltóirí gurb amhlaidh le cumarsáid tráchtála le haghaidh bianna lena n-úsáid in aistí bia atá srianta ó thaobh fuinnimh de chun meáchan a laghdú, nach ndéanfar tagairt do ráta nó méid na cailliúna meáchain a d'fhéadfadh teacht as na bianna sin a úsáid.

14. Áiseanna chun Scor den Tobac agus Púitsí Nicitín

- 14.1 Áiritheoidh craoltóirí go léireofar go soiléir le cumarsáid tráchtála do tháirgí nó seirbhísí lena maítear cuidiú le daoine scor den tobac nach bhfuil an táirge ná an tseirbhís éifeachtach ach amháin i gcomhar le cur i bhfeidhm dearfach neart tola an tomhaltóra.
- 14.2 Áiritheoidh craoltóirí nach léireofar le cumarsáid tráchtála lena maítear cuidiú le daoine scor den tobac go dtiocfar ar leigheas leis an táirge nó an tseirbhís.
- 14.3 Áiritheoidh craoltóirí nach meallfaidh an chumarsáid tráchtála maidir le púitsí nicitín, lena n-áirítear nicitín sintéiseach, leanaí ná nach ndéanfar í orthu mar gheall ar a cur i láthair, a sceidealú, a stíl agus/nó a hábhar. Ní chraolfar í le linn cláir do leanaí.

15. Seirbhísí agus Táirgí Airgeadais

- 15.1 Áiritheoidh craoltóirí go gcuirfear cumarsáid tráchtála le haghaidh seirbhísí agus táirgí airgeadais i láthair i dtéarmaí nach mbeidh míthreorach, cibé acu trí áibhéil, easnamh nó ar aon bhealach eile.

16. Cearrbhachas

- 16.1 Áiritheoidh craoltóirí go mbeidh cumarsáid tráchtála don Chranncur Náisiúnta i gcomhréir le Fógraíocht, Cód Cleachtais atá faofa ag Rialtóir an Chranncuir Náisiúnta.
- 16.2 Ní chraolfaidh craoltóirí cumarsáid tráchtála maidir le heintiteas nach bhfuil ceadúnaithe go cuí ag Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann.
- 16.3 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh aon ní i gcumarsáid tráchtála a d'fhéadfaí a mheas gur spreagadh díreach é le cearrbhachas. Áirítear leis sin eolas a sholáthar lena mionsonraítear tairiscintí speisialta, geallta saor in aisce mar dhuaiseanna i gcomórtais, lascainí, spreagthaí chun cuairt a thabhairt ar aon bhunaíocht cearrbhachais (lena n-áirítear ar líne) nó aon tairiscint phromóisin atá beartaithe chun úsáid seirbhísí den chineál sin a spreagadh.
- 16.4 Áiritheoidh craoltóirí nach ndéanfar an méid seo a leanas le léirithe ar chearrbhachas i gcumarsáid tráchtála:
- 16.4.1 iompraíocht a spreagadh atá mífhreagrach go sóisialta nó a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le díobháil airgeadais, shóisialta, shíceolaíoch nó mhothúcháinach;
- 16.4.2 a thabhairt le fios go bhféadfaidh cearrbhachas a bheith ina réiteach ar fhadhbanna pearsanta nó gairmiúla nó ábhair inní airgeadais;



16.4.3 a thabhairt le fios go bhféadfaí tréithe pearsanta a fheabhsú nó rannchuidiú le mealladh gnéasach agus rath nó rath sóisialta mar thoradh ar chearrbhachas; nó

16.4.4 leanaí agus iad i mbun cearrbhachais a léiriú nó a áireamh.

16.5 Áiritheoidh craoltóirí nach mbeidh ábhar i gcumarsáid tráchtála do chearrbhachas atá dírithe go heisiach nó go príomha ar leanaí agus nach gcraolfar í i gcláir do leanaí nó thart orthu.

17. Seirbhísí Teileachumarsáide Ardráta

17.1 Áiritheoidh craoltóirí go sonrófar go soiléir le cumarsáid tráchtála le haghaidh seirbhísí Teileachumarsáide ardráta na muirir uile chun rochtain a fháil ar na seirbhísí sin i dtéarmaí nach bhfuil míthreorach, cibé acu trí áibhéil, easnamh nó ar aon bhealach eile.



Alt 18: Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht: Socrú agus Cur Isteach

Fógraíocht Teilifíse agus Teilishiopadóireacht: Patrúin Sosanna agus Cur Isteach

18.1. Comhlíonfaidh craoltóirí teilifíse na ceanglais seo a leanas:

- 18.1.1 maidir le craoladh scannán arna ndéanamh don teilifís (seachas sraitheanna, sraithdhrámaí agus clár faisnéise), saothair chineamatagrafacha agus clár nuachta, is féidir go gcuirfear isteach air trí fhógraíocht teilifíse, teilishiopadóireacht, nó iad araon, uair amháin in aghaidh gach tréimhse sceidealaithe de 30 nóiméad ar a laghad;
- 18.1.2 maidir le craoladh clár leanaí, is féidir go gcuirfear isteach air le fógraíocht teilifíse uair amháin le haghaidh gach tréimhse sceidealaithe de 30 nóiméad ar a laghad, ar choinníoll go mbeidh fad sceidealaithe an chlár níos faide ná 30 nóiméad;
- 18.1.3 ní chuirfear fógraíocht agus/nó teilishiopadóireacht isteach le linn aon chraoladh ar sheirbhís reiligiúnach; agus
- 18.1.4 beidh míreanna fógraíochta agus / nó teilishiopadóireachta aonaracha inghlactha in imeachtaí spóirt. Leanfaidh míreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta aonaracha, seachas le linn imeachtaí spóirt a chraoladh, de bheith mar an eisceacht.

Teilishiopadóireacht: Ceanglais Bhreise

18.2. Áiritheoidh craoltóirí teilifíse:

- 18.2.1 go mbeidh fuinneoga teilishiopadóireachta sainaitheanta go soiléir amhlaidh ar mhodhanna optúla agus fuaimiúla agus áiritheoidh sé nó sí go mairfidh fuinneoga teilishiopadóireachta ar feadh 15 nóiméad ar a laghad gan bhriseadh; agus
- 18.2.3 nach mbeidh teilishiopadóireacht san áireamh le linn clár do leanaí.

Fógraíocht Raidió a Chur Isteach

18.3. Áiritheoidh craoltóirí seirbhísí craolacháin fuaime nach gcuirtear fógraíocht isteach le linn aon chraoladh ar sheirbhís reiligiúnach.

Díolúintí: Cainéil Fógraíochta Thiomnaithe

18.4 Ní bheidh feidhm ag Ailt 18.1.1 go 18.1.3, agus Alt 18.2.2 maidir le cainéil teilifíse atá tiomnaithe go heisiach d'fhógraíocht agus do theilishiopadóireacht, ná maidir le cainéil teilifíse atá tiomnaithe go heisiach d'fhéinchur chun cinn.



Forálacha na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán

Alt 19: Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht: Teorainneacha Ama

Tá an t-alt seo gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt faoi alt 106 den Acht chun teorainneacha ama áirithe a cheadú i leith fógraí i seirbhísí craolacháin fuaime arna soláthar ag RTÉ agus teorainneacha ama áirithe i leith fógraí i seirbhísí craolacháin teilifíse arna soláthar ag RTÉ agus TG4.

Teorainneacha Laethúla agus In aghaidh na hUaire maidir le Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht: Craoltóirí Teilifíse⁴

19.1 Áiritheoidh craoltóirí teilifíse an méid seo a leanas:

19.1.1 nach sáróidh an sciar de na míreanna fógraíochta teilifíse agus de na míreanna teilishiopadóireachta laistigh den tréimhse idir 06.00 agus 18.00 uair an chloig 20% den tréimhse sin.

19.1.2 nach sáróidh an sciar de na míreanna fógraíochta teilifíse agus de na míreanna teilishiopadóireachta laistigh den tréimhse idir 18.00 agus 24.00 uair an chloig 20% den tréimhse sin.

19.1.3 Cé is moite de chraoltóirí teilifíse pobail, mairfidh an tréimhse uasta a cheadaítear do mhíreanna fógraíochta teilifíse in aon uair an chloig ar feadh 12 nóiméad.

19.1.4 i gcás craoltóirí teilifíse pobail, mairfidh an tréimhse uasta a cheadaítear do mhíreanna fógraíochta in aon uair an chloig ar feadh 6 nóiméad.

19.2 Ní bheidh feidhm ag Alt 19.1 maidir leis an méid seo a leanas:

19.2.1 fógraí arna ndéanamh ag an gcráoltóir i dtaca lena chlár nó lena clár agus lena tháirgí coimhdeacha nó lena táirgí coimhdeacha féin a dhíorthaítear go díreach ó na cláir sin nó le cláir agus seirbhísí meán closamhairc ó eintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa craolacháin céanna;

19.2.2 fógraí urraíochta;

19.2.3 suíomhanna táirgí; nó

19.2.4 frámaí neodrachacha idir ábhar eagarthóireachta agus fógraíocht teilifíse nó míreanna teilishiopadóireachta, agus idir míreanna ar leith.

19.3 Ní bheidh feidhm ag Ailt 19.1 agus 19.2 maidir le cainéil teilifíse atá tiomnaithe go heisiach d'fhógraíocht agus do theilishiopadóireacht, ná maidir le cainéil teilifíse atá tiomnaithe go heisiach d'fhéinchur chun cinn.

⁴ Is rialacha maidir le seirbhísí meán, arna ndéanamh de bhun Ailt 46O(1), (2), (3) agus (9) d'Acht 2009, iad forálacha an fho-ailt seo.



Teorainneacha Laethúla agus in aghaidh na hUaire maidir le Fógraíocht – Craoltóirí Raidió⁵

- 19.4 Faoi réir Ailt 19.5 agus 19.6, áiritheoidh craoltóirí seirbhísí craolacháin fuaime an méid seo a leanas:
- 19.4.1 nach mairfidh an t-am laethúil iomlán a chaithfear ag craoladh fógraí tréimhse níos faide ná 15% den am craolacháin laethúil iomlán; agus
- 19.4.2 nach sáróidh an t-am a thabharfar d'fhógraíocht in aon uair an chloig 12 nóiméad ar a mhéad.
- 19.5 Áiritheoidh craoltóirí pobail seirbhísí craolacháin fuaime nach sáróidh an t-am a thabharfar d'fhógraíocht in aon uair an chloig 6 nóiméad ar a mhéad.
- 19.6 Ní bheidh fógraíocht ag craoltóirí seirbhísí craolacháin fuaime ag a bhfuil conradh faoi alt 68(1) den Acht.
- 19.7 Chun críocha Ailt 19.4, 19.5 agus 19.6, ní ríomhfar an méid seo a leanas mar am a chaitheamh ar fhógraíocht á chraoladh:
- 19.7.1 fógraí a dhéanann an craoltóir i dtaca lena chlár féin agus lena tháirgí coimhdeacha féin a dhíorthaítear go díreach ó na cláir sin, nó le cláir agus ó eintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa craolacháin céanna; agus
- 19.7.2 fógraí urraíochta.
- 19.8 I seirbhísí craolacháin fuaime, ní chuirfear ráitis nochta rialála éigeantacha san áireamh agus uainiú fógraíochta, ar choinníoll gur léir d'éistear go bhfuil na ráitis sin mar chuid den chumarsáid tráchtála fhoriomlán le haghaidh táirge nó seirbhís airgeadais, agus nach n-áirítear sna ráitis féin aon ábhar atá ina fhógraíocht.

⁵ Is rialacha maidir le seirbhísí meán, arna ndéanamh de bhun Ailt 46O(1), (2) agus (4) d'Acht 2009, iad forálacha an fho-ailt seo.



Aguisín a hAon: Samhail Próifílithe Cothaitheach

Chun críoch an Chóid seo, ba cheart an tSamhail Próifílithe Cothaitheach arna forbairt ag Gníomhaireacht Caighdeán Bia na Ríochta Aontaithe a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is ann nó nach ann do chumarsáid tráchtála le haghaidh táirge nó seirbhís ina bhfuil ardchion saille, salainn nó siúcra agus, dá bhrí sin, atá faoi réir srianta agus rialála. Is ann do thrí chéim chun scór iomlán bia nó dí a ríomh.

1. Na pointí 'A' iomlána a ríomh

Is féidir uaslíon de dheich bpointe a bhronnadh do gach cothaitheach.

Pointí 'A' iomlána = (pointí d'fhuinneamh) + (pointí do shail sháithithe) + (pointí do shiúcraí) + (pointí do shóidiam). Leis an tábla seo a leanas léirítear na pointí a scóráladh, de réir mhéid gach cothaitheigh in 100g den bhia nó den deoch:

Cothaitheigh do Leithdháileadh Phointí 'A'

Pointí	Fuinneamh (kJ)	Saill Sháithithe (g)	Siúcra Iomlán (g)	Sóidiam (mg)
0	≤ 335	≤ 1	≤ 4.5	≤ 90
1	>335	>1	>4.5	>90
2	>670	>2	>9	>180
3	>1005	>3	>13.5	>270
4	>1340	>4	>18	>360
5	>1675	>5	>22.5	>450
6	>2010	>6	>27	>540
7	>2345	>7	>31	>630
8	>2680	>8	>36	>720
9	>3015	>9	>40	>810
10	>3350	>10	>45	>900

Má bhaineann bia nó deoch 11 phointe 'A' nó níos mó amach, ní féidir leis nó léi pointí a bhaint amach do phróitéin mura rud é go mbaineann sé nó sí 5 phointe amach freisin do thorthaí, glasraí agus cnónna.

2. Na pointí 'C' iomlána a ríomh



Is féidir uaslíon de chúig phointe a bhronnadh do gach cothaitheach/comhábhar bia.

Pointí 'C' iomlána = (pointí do % de thorthaí, glasraí agus ábhar cnónna) + (pointí do shnáithín [NSP nó AOAC]) + (pointí do phróitéin)

Leis an tábla seo a leanas léirítear na pointí a baineadh amach, de réir mhéid gach cothaitheach/comhábhair bia in 100g den bhia nó den deoch: -

Cothaitheach do Leithdháileadh Phointí 'C':

Pointí	Torthaí, Glasraí agus Cnónna (%)	Snáithín N&P (g)	Nó Snáithín AOAC ⁶ (g)	Próitéin (g)
0	≤40	≤0.7	≤0.9	≤1.6
1	>40	>0.7	>0.9	>1.6
2	>60	>1.4	>1.9	>3.2
3	-	>2.1	>2.8	>4.8
4	-	>2.8	>3.7	>6.4
5	>80	>3.5	>4.7	>8.0

3. An scór foriomlán a ríomh

- Má bhaineann bia **níos lú ná 11 phointe 'A'** amach, is mar a leanas a ríomhtar an scór foriomlán:

Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide pointí 'C' iomlána (torthaí, glasraí agus cnónna + snáithín + próitéin)

- Má bhaineann bia **11 phointe 'A' nó níos mó amach** ach mura mbaineann sé amach ach 5 phointe do thorthaí, glasraí agus cnónna, ríomhtar an scór foriomlán mar a leanas:

Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide pointí 'C' iomlána (torthaí, glasraí agus cnónna + snáithín + próitéin)

- Má bhaineann bia **11 phointe 'A' nó níos mó amach, agus níos lú ná 5 phointe do thorthaí, glasraí agus cnónna**, ríomhtar an scór foriomlán mar a leanas:

⁶ Ba cheart ceann amháin nó ceann eile de na colúin snáithín chothaithe a roghnú chun an bealach a ríomh an monaróir cion snáithín an bhia nó na dí a léiriú.



Pointí 'A' iomlána (fuinneamh + saill sháithithe + siúcraí + sóidiam) lúide na pointí iomlána do shnáithín + pointí do thorthaí, glasraí agus cnónna (ní cheadaítear pointí a bhaint amach do phróitéin)

Tá **bia** aicmithe mar 'gan bheith chomh sláintiúil sin' i gcás ina mbaineann sé amach **4 phointe nó níos mó agus ina bhfuil sé faoi réir srianta sa Chód.**

Tá **deoch** aicmithe mar 'gan bheith chomh sláintiúil sin' i gcás ina mbaineann sí amach **1 phointe nó níos mó agus ina bhfuil sí faoi réir srianta sa Chód.**

Chun sonraí breise a fháil maidir le cur i bhfeidhm na samhla seo, féach an treoir ar leith a sholáthraíonn an Coimisiún agus atá foilsithe ar <https://www.cnam.ie/ga/>.

